# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) Uimh. 2020/2151 ÓN gCOIMISIÚN

## an 17 Nollaig 2020

## lena leagtar síos rialacha maidir le sonraíochtaí comhchuibhithe marcála ar tháirgí plaisteacha aon úsáide a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2019/904/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2019/904/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol([1]), agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 7 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2019/904, leagtar síos ceanglais ghinearálta maidir le marcáil táirgí plaisteacha aon úsáide áirithe a dhiúscraítear ar bhealaí míchuí go minic.Is é is cuspóir don mharcáil tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le láithreacht plaisteach sa táirge; maidir leis na meáin diúscartha dramhaíola is ceart a sheachaint i gcás an táirge sin; agus an tionchar diúltach a tharlódh dá réir dá gcaithfí na táirgí mar bhruscar nó dá ndéanfaí iad a dhiúscairt ar mhodh diúscartha mhíchuí eile ar an gcomhshaol.

(2) Le Treoir (AE) 2019/904, ceanglaítear ar an gCoimisiún sonraíochtaí comhchuibhithe a bhunú maidir le marcáil na dtáirgí plaisteacha aon úsáide a liostaítear i gCuid D in Iarscríbhinn na Treorach. Ba chóir na grúpaí éagsúla táirgí a chumhdaítear a chur san áireamh sna sonraíochtaí comhchuibhithe i dtaca le hionad, méid agus dearadh na marcála. Ba chóir an fhormáid, na dathanna, an taifeach íosta agus na clómhéideanna a úsáidfear a shonrú lena áirithiú go mbeidh gach gné den mharcáil le feiceáil ina hiomláine.

(3) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar mharcálacha atá cheana ann ar úsáideadh suirbhé páirtithe leasmhara agus forbhreathnú ar an margadh chun iad a aithint, d'fhonn an sásra measúnaithe, chomh maith leis na ceanglais taobh thiar de na marcálacha agus a dtionchar, a thuiscint.

(4) Tá an Coimisiún i ndiaidh dul i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha tomhaltóirí chomh maith le tástáil allamuigh a chur i gcrích lena áirithiú go bhfuil na marcálacha éifeachtach agus sothuigthe agus faisnéis mhíthreorach a sheachaint.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna chur ar bun le hAirteagal 39 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

### Pacáistíocht

Chun críocha an Rialacháin seo, is é is brí le 'pacáistíocht' ná pacáistíocht díolacháin agus pacáistíocht thánaisteach faoi mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 3 de Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([3]).

(1) IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.

(2) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

(3) Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

*Airteagal 2*

## Sonraíochtaí comhchuibhithe marcála

1. Leagtar síos in Iarscríbhinn I na sonraíochtaí comhchuibhithe marcála le haghaidh tuáillí sláintíochta (pillíní), agus le haghaidh súitíní agus forchuradóirí súitíní.

2. Leagtar síos in Iarscríbhinn II na sonraíochtaí comhchuibhithe marcála le haghaidh ceirtíní taise, i.e. ceirtíní cúraim phearsanta agus tí réamhfhliuchta.

3. Leagtar síos in Iarscríbhinn III na sonraíochtaí comhchuibhithe marcála le haghaidh táirgí tobac le scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac.

4. Leagtar síos in Iarscríbhinn IV na sonraíochtaí comhchuibhithe marcála le haghaidh cupáin dí.

*Airteagal 3*

## Teangacha

Is i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina gcuirfear táirge plaisteach aon úsáide ar an margadh a bheidh téacs eolais na marcála.

*Airteagal 4*

## Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 3 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo as a iomláine ina cheangal agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséal, 17 Nollaig 2020.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

## Sonraíochtaí comhchuibhithe marcála le haghaidh tuáillí sláintíochta (pillíní), agus le haghaidh súitíní agus forchuradóirí súitíní

1. Ar phacáistíocht tuáillí sláintíochta (pillíní), ar a bhfuil dromchla 10cm² nó níos mó, beidh an mharcáil phriontáilte seo a leanas:




*Nóta*: an líne dhubh atá ar imeall na marcála, ní cuid den mharcáil í. An t-aon chúis atá aici ná an líne thanaí bhán atá ar imeall na marcála a léiriú le taobh an leathanaigh bháin.

De mhaolú ar an gcéad abairt den phointe seo, féadfar greamáin a úsáid chun marcáil a ghreamú de phacáistíocht tuáillí sláintíochta (pillíní) a chuirtear ar an margadh roimh an 4 Iúil 2022.

2. Ar phacáistíocht súitíní agus forchuradóirí súitíní, ar a bhfuil dromchla 10cm² nó níos mó, beidh an mharcáil phriontáilte seo a leanas:




*Nóta*: an líne dhubh atá ar imeall na marcála, ní cuid den mharcáil í. An t-aon chúis atá aici ná an líne thanaí bhán atá ar imeall na marcála a léiriú le taobh an leathanaigh bháin.

De mhaolú ar an gcéad abairt den phointe seo, féadfar greamáin a úsáid chun marcáil a ghreamú de phacáistíocht súitíní agus forchuradóirí súitíní a chuirtear ar an margadh roimh an 4 Iúil 2022.

3. Beidh an mharcáil a leagtar amach i bpointe 1 agus i bpointe 2 i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa phointe seo.

(a) Ionad na marcála

Cuirfear an mharcáil go cothrománach ar an dromchla seachtrach tosaigh nó uachtair den phacáistíocht, cibé acu is soiléire atá le feiceáil.

I gcásanna nach bhfuil go leor spáis ann chun marcáil den íosmhéid a chur ina hiomláine ar an dromchla seachtrach tosaigh nó uachtair den phacáistíocht, féadfar í a chur i bpáirt ar dhá thaobh den phacáistíocht, i.e. uachtar agus tosach, nó tosach agus taobh, cibé acu is soiléire atá le feiceáil.

I gcásanna nach féidir an mharcáil a leagan go cothrománach mar gheall ar chruth nó méid na pacáistíochta, is féidir í a rothlú 90° agus a leagan go ceartingearach.

Ní dhéanfar boscaí na marcála a dheighilt.

Nuair atáthar ag oscailt na pacáistíochta i gcomhréir le haon treoracha, níor chóir an mharcáil a stróiceadh ná a fhágáil doléite.

(b) Méid na marcála

Dhá bhosca de chóimhéid, ceann acu dearg agus ceann acu gorm, a bheidh sa mharcáil, an dá bhosca leagtha in aice a chéile, agus cuirfear bosca dronuilleogach dubh ina bhfuil an téacs eolais 'PLAISTEACH SA TÁIRGE' thíos faoin dá bhosca sin atá de chóimhéid. 1:2 an cóimheas a bheidh idir airde agus fad na marcála.

Sa chás gur lú achar dhromchla seachtrach tosaigh nó uachtair na pacáistíochta ar a leagfar an mharcáil ná 65 $cm^2$, 1,4 cm faoi 2,8 cm (3,92 $cm^2$) an íosmhéid a bheidh sa mharcáil. I ngach cás eile, clúdóidh an mharcáil 6% ar a laghad den achar dromchla ar a leagfar í. 3 cm faoi 6 cm (18 $cm^2$) an uasmhéid riachtanach a bheidh sa mharcáil.

(c) Dearadh na marcála

Déanfar dearadh na marcála a atáirgeadh gan aon éifeachtaí a chur leis, gan na dathanna a athrú, agus gan an cúlra a mhionleasú ná a fhairsingiú. Déanfar an mharcáil a atáirgeadh ar thaifeach íosta 300 ponc in aghaidh an orlaigh nuair a phriontáiltear í ar mhéid iarbhír. Beidh líne thanaí bhán ar imeall na marcála.

Beidh an téacs eolais 'PLAISTEACH SA TÁIRGE' sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta agus 14 pt an chlómhéid uasta a bheidh ann.

Nuair a dhéantar an téacs eolais a aistriú go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, cuirfear an téacs eolais aistrithe gar thíos faoin marcáil, nó taobh istigh den bhosca dubh dronuilleogach thíos faoin gcéad teanga, agus sa dá chás beidh sé le feiceáil go soiléir. I gcásanna eisceachtúla, mar gheall ar chonstaicí spáis ar dhromchla seachtrach tosaigh nó uachtair na pacáistíochta, féadfar an téacs eolais, é aistrithe go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, a chur áit eile ar an bpacáistíocht, chomh gar agus is féidir don mharcáil agus áit a mbeidh sé le feiceáil go soiléir. Beidh an téacs eolais aistrithe sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta agus 14 pt an chlómhéid uasta a bheidh ann. Sa chás go gcuirtear a téacs eolais i dteangacha breise sa bhosca dubh dronuilleogach, féadtar maoluithe ó uasmhéid riachtanach na marcála a bheith ann.

Úsáidfear na dathanna a bhfuil na dathchóid seo a leanas acu:

— Bán: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 0

— Dubh: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 100

— Dearg: C = 0 / M = 90 / Y = 60 / K = 0

— Gorm: C = 60 / M = 0 / Y = 0 / K = 0.

*IARSCRÍBHINN II*

## Sonraíochtaí comhchuibhithe marcála le haghaidh ceirtíní taise

1. Ar phacáistíocht ceirtíní taise (i.e. ceirtíní cúraim phearsanta agus tí réamhfhliuchta), ar a bhfuil dromchla 10 $cm^2$ nó níos mó, beidh an mharcáil phriontáilte seo a leanas:




*Nóta*: an líne dhubh atá ar imeall na marcála, ní cuid den mharcáil í. An t-aon chúis atá aici ná an líne thanaí bhán atá ar imeall na marcála a léiriú le taobh an leathanaigh bháin.

De mhaolú ar an gcéad abairt den phointe seo, féadfar greamáin a úsáid chun marcáil a ghreamú de phacáistíocht ceirtíní taise a chuirtear ar an margadh roimh an 4 Iúil 2022.

2. Beidh an mharcáil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa phointe seo.

(a) Ionad na marcála

Cuirfear an mharcáil go cothrománach ar an dromchla seachtrach tosaigh nó uachtair den phacáistíocht, cibé acu is soiléire atá le feiceáil.

I gcásanna nach bhfuil go leor spáis ann chun marcáil den íosmhéid a chur ina hiomláine ar an dromchla seachtrach tosaigh nó uachtair den phacáistíocht, féadfar í a chur i bpáirt ar dhá thaobh den phacáistíocht, i.e. uachtar agus tosach, nó tosach agus taobh, cibé acu is soiléire atá le feiceáil.

I gcásanna nach féidir an mharcáil a leagan go cothrománach mar gheall ar chruth nó méid na pacáistíochta, is féidir í a rothlú 90° agus a leagan go ceartingearach.

Ní dhéanfar boscaí na marcála a dheighilt.

Nuair atáthar ag oscailt na pacáistíochta i gcomhréir le haon treoracha, níor chóir an mharcáil a stróiceadh ná a fhágáil doléite.

(b) Méid na marcála

Dhá bhosca de chóimhéid, ceann acu dearg agus ceann acu gorm, a bheidh sa mharcáil, an dá bhosca leagtha in aice a chéile, agus cuirfear bosca dronuilleogach dubh ina bhfuil an téacs eolais 'PLAISTEACH SA TÁIRGE' thíos faoin dá bhosca sin atá de chóimhéid. 1:2 an cóimheas a bheidh idir airde agus fad na marcála.

Sa chás gur lú achar dhromchla seachtrach tosaigh nó uachtair na pacáistíochta ar a leagfar an mharcáil ná 65 $cm^2$, 1,4 cm faoi 2,8 cm (3,92 $cm^2$) an íosmhéid a bheidh sa mharcáil. I ngach cás eile, clúdóidh an mharcáil 6% ar a laghad den achar dromchla ar a leagfar í. 3 cm faoi 6 cm (18 $cm^2$) an uasmhéid riachtanach a bheidh sa mharcáil.

(c) Dearadh na marcála

Déanfar dearadh na marcála a atáirgeadh gan aon éifeachtaí a chur leis, gan na dathanna a athrú, agus gan an cúlra a mhionleasú ná a fhairsingiú. Déanfar an mharcáil a atáirgeadh ar thaifeach íosta 300 ponc in aghaidh an orlaigh nuair a phriontáiltear í ar mhéid iarbhír. Beidh líne thanaí bhán ar imeall na marcála.

Beidh an téacs eolais 'PLAISTEACH SA TÁIRGE' sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta agus 14 pt an chlómhéid uasta a bheidh ann.

Nuair a dhéantar an téacs eolais a aistriú go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, cuirfear an téacs eolais aistrithe gar thíos faoin marcáil, nó taobh istigh den bhosca dubh dronuilleogach thíos faoin gcéad teanga, agus sa dá chás beidh sé le feiceáil go soiléir.

I gcásanna eisceachtúla, mar gheall ar chonstaicí spáis ar dhromchla seachtrach tosaigh nó uachtair na pacáistíochta, féadfar an téacs eolais, é aistrithe go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, a chur áit eile ar an bpacáistíocht, chomh gar agus is féidir don mharcáil agus áit a mbeidh sé le feiceáil go soiléir. Beidh an téacs eolais aistrithe sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta agus 14 pt an chlómhéid uasta a bheidh ann. Sa chás go gcuirtear a téacs eolais i dteangacha breise sa bhosca dubh dronuilleogach, féadtar maoluithe ó uasmhéid riachtanach na marcála a bheith ann.

Úsáidfear na dathanna a bhfuil na dathchóid seo a leanas acu:

— Bán: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 0

— Dubh: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 100

— Dearg: C = 0 / M = 90 / Y = 60 / K = 0

— Gorm: C = 60 / M = 0 / Y = 0 / K = 0.

*IARSCRÍBHINN III*

## Sonraíochtaí comhchuibhithe marcála le haghaidh táirgí tobac le scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac

1. Ar aonad-phaicéad mar a shainmhínítear i bpointe 30 d'Airteagal 2 de Threoir 2014/40/AE ('aonad-phaicéad') agus forphacáistiú mar a shainmhínítear i bpointe 29 d'Airteagal 2 de Threoir 2014/40/AE ('forphacáistiú') le haghaidh táirgí tobac le scagairí ar a bhfuil dromchla 10 $cm^2$ nó níos mó; agus ar phacáistíocht le haghaidh scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac ar a bhfuil dromchla 10 $cm^2$ nó níos mó, beidh an mharcáil phriontáilte seo a leanas:




*Nóta*: an líne dhubh atá ar imeall na marcála, ní cuid den mharcáil í. An t-aon chúis atá aici ná an líne thanaí bhán atá ar imeall na marcála a léiriú le taobh an leathanaigh bháin.

De mhaolú ar an gcéad abairt den phointe seo, féadfar greamáin a úsáid chun marcáil a ghreamú den aonad-phaicéad agus den fhorphacáistiú le haghaidh táirgí tobac le scagairí, agus den phacáistíocht le haghaidh scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac, a chuirtear ar an margadh roimh an 4 Iúil 2022.

2. Beidh an mharcáil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa phointe seo.

(a) Ionad na marcála

(i) Táirgí tobac a bhfuil scagairí iontu

Cuirfear an mharcáil go cothrománach ar an dromchla seachtrach cúil den aonad-phaicéad agus ar an bhforphacáistiú.

I gcásanna nach bhfuil go leor spáis ann chun marcáil den íosmhéid a chur ina hiomláine go cothrománach ar an dromchla seachtrach cúil den aonad-phaicéad, féadfar í a rothlú 90° agus a leagan go ceartingearach ar an dromchla cúil nó ar aon cheann de na dromchlaí seachtracha taobhacha den aonad-phaicéad. I ngach cás, beidh an mharcáil le feiceáil go soiléir.

Ní dhéanfar boscaí na marcála a dheighilt.

Ní chuirfidh an mharcáil bac ar aon bhealach ar infheictheacht na rabhadh sláinte a cheanglaítear le Treoir 2014/40/AE.

Ní dhéanfaidh lipéid ná stampaí eile an mharcáil a chumhdach ina hiomláine nó i bpáirt.

Nuair atá an t-aonad-phaicéad agus an forphacáistiú á oscailt i gcomhréir le haon treoracha, níor chóir an mharcáil a stróiceadh ná a fhágáil doléite.

(ii) Scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac

Cuirfear an mharcáil go cothrománach ar an dromchla seachtrach tosaigh nó uachtair den phacáistíocht, cibé acu is soiléire atá le feiceáil.

I gcásanna nach bhfuil go leor spáis ann chun marcáil den íosmhéid a chur ina hiomláine ar an dromchla seachtrach tosaigh nó uachtair den phacáistíocht, féadfar í a chur go cothrománach ar dhá thaobh den phacáistíocht, i.e. uachtar agus tosach nó tosach agus taobh, cibé acu is soiléire atá le feiceáil.

I gcásanna nach féidir an mharcáil a leagan go cothrománach mar gheall ar chruth nó méid na pacáistíochta, is féidir í a rothlú 90° agus a leagan go ceartingearach.

Ní dhéanfar boscaí na marcála a dheighilt.

Nuair atáthar ag oscailt na pacáistíochta i gcomhréir le haon treoracha, níor chóir an mharcáil a stróiceadh ná a fhágáil doléite.

(b) Méid na marcála

Dhá bhosca de chóimhéid, ceann acu dearg agus ceann acu gorm, a bheidh sa mharcáil, an dá bhosca leagtha in aice a chéile, agus cuirfear bosca dronuilleogach dubh ina bhfuil an téacs eolais 'PLAISTEACH SA SCAGAIRE' thíos faoin dá bhosca sin de chóimhéid. 1:2 an cóimheas a bheidh idir airde agus fad na marcála.

(i) Táirgí tobac a bhfuil scagairí iontu

Nuair is lú ná 65 $cm^2$, an t-achar den dromchla seachtrach cúil den aonad-phaicéad, 1,4 cm faoi 2,8 cm (3,92 $cm^2$) íosmhéid na marcála a bheidh ann. I ngach cás eile, clúdóidh an mharcáil 6% ar a laghad den achar dromchla ar a leagfar í. 3 cm faoi 6 cm (18 $cm^2$) an uasmhéid riachtanach a bheidh sa mharcáil.

(ii) Maidir le scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac

Sa chás gur lú achar dhromchla seachtrach tosaigh nó uachtair na pacáistíochta ar a leagfar an mharcáil ná 65 $cm^2$, 1,4 cm faoi 2,8 cm (3,92 $cm^2$) an íosmhéid a bheidh sa mharcáil. I ngach cás eile, clúdóidh an mharcáil 6% ar a laghad den achar dromchla ar a leagfar í. 3 cm faoi 6 cm (18 $cm^2$) an uasmhéid riachtanach a bheidh sa mharcáil.

(c) Dearadh na marcála

Déanfar dearadh na marcála a atáirgeadh gan aon éifeachtaí a chur leis, gan na dathanna a athrú, agus gan an cúlra a mhionleasú ná a fhairsingiú. Déanfar an mharcáil a atáirgeadh ar thaifeach íosta 300 ponc in aghaidh an orlaigh nuair a phriontáiltear í ar mhéid iarbhír. Beidh líne thanaí bhán ar imeall na marcála.

Beidh an téacs eolais 'PLAISTEACH SA SCAGAIRE' sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta agus 14 pt an chlómhéid uasta a bheidh ann.

Nuair a dhéantar an téacs eolais a aistriú go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, cuirfear an téacs eolais aistrithe gar thíos faoin marcáil, nó taobh istigh den bhosca dubh dronuilleogach thíos faoin gcéad teanga, agus sa dá chás beidh sé le feiceáil go soiléir. I gcásanna eisceachtúla, mar gheall ar chonstaicí spáis ar dhromchla seachtrach tosaigh nó uachtair na pacáistíochta, féadfar an téacs eolais, é aistrithe go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, a chur áit eile ar an bpacáistíocht, chomh gar agus is féidir don mharcáil agus áit a mbeidh sé le feiceáil go soiléir. Beidh an téacs eolais aistrithe sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta agus 14 pt an chlómhéid uasta a bheidh ann. Sa chás go gcuirtear a téacs eolais i dteangacha breise sa bhosca dubh dronuilleogach, féadtar maoluithe ó uasmhéid riachtanach na marcála a bheith ann.

Úsáidfear na dathanna a bhfuil na dathchóid seo a leanas acu:

— Bán: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 0

— Dubh: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 100

— Dearg: C = 0 / M = 90 / Y = 60 / K = 0

— Gorm: C = 60 / M = 0 / Y = 0 / K = 0.

*IARSCRÍBHINN IV*

## Sonraíochtaí comhchuibhithe marcála le haghaidh cupáin dí

1. Ar chupáin dí a dhéantar i bpáirt as plaisteach beidh an mharcáil phriontáilte seo a leanas:




*Nóta*: an líne dhubh atá ar imeall na marcála, ní cuid den mharcáil í. An t-aon chúis atá aici ná an líne thanaí bhán atá ar imeall na marcála a léiriú le taobh an leathanaigh bháin.

De mhaolú ar an gcéad abairt den phointe seo, féadfar greamáin a úsáid chun marcáil a ghreamú de chupáin dí a dhéantar i bpáirt as plaisteach a chuirtear ar an margadh roimh an 4 Iúil 2022.

2. Ar chupáin dí a dhéantar ina n-iomláine as plaisteach beidh an mharcáil phriontáilte seo a leanas nó an mharcáil chabhartha nó ghreanta seo a leanas:

*Arna priontáil*




*Nóta*: an líne dhubh atá ar imeall na marcála, ní cuid den mharcáil í. An t-aon chúis atá léi codarsnacht a thabhairt le taobh an leathanaigh bháin.

De mhaolú ar an gcéad abairt den phointe seo, féadfar greamáin a úsáid chun marcáil a ghreamú de chupáin dí a dhéantar ina n-iomláine as plaisteach a chuirtear ar an margadh roimh an 4 Iúil 2022.

*Arna cabhradh nó arna greanadh*




*Nóta*: an líne dhubh atá ar imeall na marcála agus thart ar an gcúlra liath, ní cuid den mharcáil í. An t-aon chúis atá léi codarsnacht a thabhairt le taobh an leathanaigh bháin.

3. Beidh an mharcáil le haghaidh cupáin di a dhéantar i bpáirt as plaisteach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa phointe seo.

   (a) Ionad na marcála

      (i) Cupáin thraidisiúnta:

      Cuirfear an mharcáil go cothrománach ar an dromchla seachtrach den chupán ar shiúl ón imeall ionas nach ndéanfar teagmháil le béal an tomhaltóra agus é nó í ag ól as. Ní chuirfear an mharcáil faoi bhun an chupáin.

(ii) Cupáin seaimpéin:

Cuirfear an mharcáil go cothrománach ar an dromchla seachtrach den chupán, an taobh uachtair den bhonn a iompraíonn an chos san áireamh. Cuirfear an mharcáil ar shiúl ón imeall ionas nach ndéanfar teagmháil le béal an tomhaltóra agus é nó í ag ól as. Ní chuirfear an mharcáil faoi bhun an chupáin.

I gcásanna nach féidir an mharcáil a chur go cothrománach mar gheall ar chruth nó méid chupáin, is féidir í a rothlú 90° agus a leagan go ceartingearach.

Ní dhéanfar boscaí na marcála a dheighilt.

(b) Méid na marcála

Dhá bhosca de chóimhéid, ceann acu dearg agus ceann acu gorm, a bheidh sa mharcáil, an dá bhosca leagtha in aice a chéile, agus cuirfear bosca dronuilleogach dubh ina bhfuil an téacs eolais 'PLAISTEACH SA TÁIRGE' thíos faoin dá bhosca sin atá de chóimhéid. 1:2 an cóimheas a bheidh idir airde agus fad na marcála.

I gcás cupáin a bhfuil toirt níos lú ná 500 ml iontu, 1,4 cm faoi 2,8 cm (3,92 $cm^2$) íosmhéid na marcála a bheidh ann. I gcás cupáin a bhfuil toirt 500 ml nó níos mó iontu, 1,6 cm faoi 3,2 cm (5,12 $cm^2$) íosmhéid na marcála a bheidh ann.

(c) Dearadh na marcála

Déanfar dearadh na marcála a atáirgeadh gan aon éifeachtaí a chur leis, gan na dathanna a athrú, agus gan an cúlra a mhionleasú ná a fhairsingiú. Déanfar an mharcáil a atáirgeadh ar thaifeach íosta 300 ponc in aghaidh an orlaigh nuair a phriontáiltear í ar mhéid iarbhír. Beidh líne thanaí bhán ar imeall na marcála.

Beidh an téacs eolais 'PLAISTEACH SA TÁIRGE' sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta a bheidh ann le haghaidh na gcupán atá níos lú ná 500 ml agus 6 pt a bheidh ann le haghaidh na gcupán de 500 ml nó níos mó.

Nuair a dhéantar an téacs eolais a aistriú go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, cuirfear an téacs eolais aistrithe gar thíos faoin marcáil, nó taobh istigh den bhosca dubh dronuilleogach thíos faoin gcéad teanga, agus sa dá chás beidh sé le feiceáil go soiléir. I gcásanna eisceachtúla, mar gheall ar chonstaicí spáis ar dhromchla seachtrach an chupáin féadfar an téacs eolais, é aistrithe go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, a chur áit eile ar an gcupán, chomh gar agus is féidir don mharcáil agus áit a mbeidh sé le feiceáil go soiléir. Beidh an téacs eolais aistrithe sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta a bheidh ann le haghaidh na gcupán atá níos lú ná 500 ml agus 6 pt a bheidh ann le haghaidh na gcupán de 500 ml agus níos mó. Sa chás go gcuirtear a téacs eolais i dteangacha breise sa bhosca dubh dronuilleogach, féadtar maoluithe ó uasmhéid riachtanach na marcála a bheith ann.

Úsáidfear na dathanna a bhfuil na dathchóid seo a leanas acu:

— Bán: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 0

— Dubh: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 100

— Dearg: C = 0 / M = 90 / Y = 60 / K = 0

— Gorm: C = 60 / M = 0 / Y = 0 / K = 0.

4. Beidh an mharcáil le haghaidh cupáin di a dhéantar ina n-iomláine as plaisteach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa phointe seo

(a) Ionad na marcála

(i) Cupáin thraidisiúnta

Cuirfear an mharcáil go cothrománach ar an dromchla seachtrach den chupán, cibé áit is soiléire atá le feiceáil. Ní chuirfear an mharcáil faoi bhun an chupáin. Agus an mharcáil priontáilte, cuirfear í ar shiúl ón imeall ionas nach ndéanfar teagmháil le béal an tomhaltóra agus é nó í ag ól as. I gcás cupáin iomaireacha, ní bheidh an mharcáil cabhartha ná greanta ar na hiomairí.

(ii) Cupáin seaimpéin

Cuirfear an mharcáil go cothrománach ar an dromchla seachtrach den chupán, an taobh uachtair den bhonn a iompraíonn an chos san áireamh, cibé áit is soiléire atá le feiceáil. Ní chuirfear an mharcáil faoi bhun an chupáin. Agus an mharcáil priontáilte, cuirfear í ar shiúl ón imeall ionas nach ndéanfar teagmháil le béal an tomhaltóra agus é nó í ag ól as. I gcás cupáin iomaireacha, ní bheidh an mharcáil cabhartha ná greanta ar na hiomairí.

I gcásanna nach féidir an mharcáil a chur go cothrománach mar gheall ar chruth nó méid chupáin, is féidir í a rothlú 90° agus a leagan go ceartingearach.

(b) Méid na marcála

Beidh an mharcáil dronuilleogach, agus 1:2 an cóimheas a bheidh idir airde agus fad na marcála.

I gcás cupáin a bhfuil toirt níos lú ná 500 ml iontu, 1,4 cm faoi 2,8 cm (3,92 $cm^2$) íosmhéid na marcála a bheidh ann. I gcás cupáin a bhfuil toirt 500 ml nó níos mó iontu, 1,6 cm faoi 3,2 cm (5,12 $cm^2$) íosmhéid na marcála a bheidh ann.

(c) Dearadh na marcála

(i) Arna priontáil:

Déanfar dearadh na marcála a atáirgeadh i ndúch dubh gan aon éifeachtaí a chur leis, agus gan an cúlra a mhionleasú ná a fhairsingiú. Déanfar an mharcáil a atáirgeadh ar thaifeach íosta 300 ponc in aghaidh an orlaigh nuair a phriontáiltear í ar mhéid iarbhír. Ba chóir codarsnacht ard go leor a bheith idir an mharcáil agus an cúlra le go mbeidh an mharcáil iontach inléite. Chun na críche sin, ba chóir imlíne na marcála a phriontáil i gceann de na dathanna seo a leanas.

— Bán: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 0

— Dubh: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 100

— Dearg: C = 0 / M = 90 / Y = 60 / K = 0

— Gorm: C = 60 / M = 0 / Y = 0 / K = 0.

(ii) Arna cabhradh nó arna greanadh:

Déanfar dearadh na marcála a atáirgeadh gan aon éifeachtaí a chur leis, agus gan an cúlra a mhionleasú ná a fhairsingiú. An imlíne bhán mar a léirítear sa mharcáil faoi phointe 1.2 den Iarscríbhinn seo, léirítear san imlíne sin na línte atá lena ngreanadh nó lena gcabhradh ar an gcupán.

Beidh an téacs eolais 'DÉANTA AS PLAISTEACH' sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta a bheidh ann le haghaidh na gcupán atá níos lú ná 500 ml agus 6 pt a bheidh ann le haghaidh na gcupán de 500 ml nó níos mó.

Nuair a dhéantar an téacs eolais a aistriú go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, cuirfear an téacs eolais aistrithe gar thíos faoin marcáil, nó taobh istigh den bhosca dubh dronuilleogach thíos faoin gcéad teanga, agus sa dá chás beidh sé le feiceáil go soiléir. I gcásanna eisceachtúla, mar gheall ar chonstaicí spáis ar dhromchla seachtrach an chupáin féadfar an téacs eolais, é aistrithe go ceann eile nó roinnt de theangacha oifigiúla na mBallstát, a chur áit eile ar an gcupán, chomh gar agus is féidir don mharcáil agus áit a mbeidh sé le feiceáil go soiléir. Beidh an téacs eolais aistrithe sa chás uachtair agus sa chlófhoireann Helvetica Bold. 5 pt an chlómhéid íosta a bheidh ann le haghaidh na gcupán atá níos lú ná 500 ml agus 6 pt a bheidh ann le haghaidh na gcupán de 500 ml agus níos mó.

Nuair a phriontáilfear í, úsáidfear na dathanna a bhfuil na dathchóid seo a leanas acu:

— Bán: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 0

— Dubh: C = 0 / M = 0 / Y = 0 / K = 100.